Cód Iompair *Code of Behaviour*

Réamhráiteas: *Introductory Statement*

Rinne Bord Bainistíochta Ghaelscoil an Chuilinn i gcomhairle le Príomhoide, múinteoirí, agus tuismitheoirí uas-dhátú ar an gcód seo le linn an triú téarma scoile 2015/ 2016 agus é le cur i bhfeidhm go hiomlán ag tús na scoilbhliana 2016/2017.

- ***The Board of Management, in consultation with the Principal, teachers and parents revised this Code of Behaviour during the the third term of the 2015/ 2016 schoolyear. The updated policy is to be fully implemented for the 2016/2017 school year.***

Réasúnaíocht: *Rationale*

- Chun timpeallacht ordúil le haghaidh na foghlama a chinntiú sa scoil.

- Is ceanglas é faoin Acht Oideachais (Leas), 2000, Alt 23 (1) a dhéanann tagairt don cheanglas ar scoileanna cód iompair a ullmhú i leith na mac léinn atá cláraithe sa scoil. In Alt 23 (2) sonraíonn sé go saineoidh an cód iompair:

(a) Na caighdeain iompair a bheidh le hurramú ag gach mac léinn atá ag freastal ar an scoil.
(b) Na bearta a fhéadfar a dhéanamh nuair a mhainneoidh nó nuair a dhiúltóidh mac léinn na caighdeain sin a urramú.
(c) Na nósanna imeachta a bheidh le leanúint sula bhféadfar mac léinn a chur ar fionraí nó a dhíbirt as an scoil lena mbaineann.
(d) Na forais chun deireadh a chur le fionraí a forchuireadh i ndáil le mac léinn agus
(e) Na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i ndáil le fógra maidir le leanbh a bheith as láthair ón scoil.
(f) A chinntiú go bhfuil an cód iompar ag comhlíonadh na gceanglas dlíthiúil agus an dea-chleachtas arna leagan amach sa Chód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair scoileanna, BNLO, 2008.

- ***To ensure that there is an orderly environment in the school to promote learning.***
- ***It is a requirement of the Education Act (Welfare) 2000, Paragraph 23 (1), which refers to the requirement that schools prepare a Code of Behaviour for all registered pupils in the school. In Paragraph 23 (2) it details that the Code of Behaviour must define:***

(a) The standard of Behaviour that shall be observed by every pupil attending the school.
(b) Measures to be taken when a pupil fails or refuses to observe these standards.
(c) The procedures to be followed before a pupil is suspended or expelled from the school.
(d) The grounds for removing a suspension imposed in relation to a pupil and
(e) The procedures to be followed relating to notification of a child's absence from school
(f) To ensure that the Code of Behaviour fulfills the legal requirements and to develop best practice as laid out in the Code: Guidelines for Schools, NEWB, 2008.

An Gaol le Spioraid Sainiúil na scoile:

Relationship to the School's Ethos

Tá sé tábhachtach dúinn sa phobal scoile go mbeadh luachanna idirchreidmheacha agus morálacha na scoile le feiceáil sa Chód Iompair.

Sí ráiteas físe na scoile ná ard-chaighdeán oideachas a chur ar fail trí mheán na Gaeilge, báite in éiteas a chothaíonn luachanna Críostaíochta agus oidhreacht na hÉireann.

Sí aidhm an oideachas bunscoile ná a chur ar chumas an pháiste saol iomlán mar is dual do pháiste a chaitheamh agus an páiste a ullmhú d'oideachas breise agus d'fhoghlaim feadh saoil le go mbeidh sé ar chumas an pháiste teacht chun cinn mar neach sóisialta trí chónaí agus chomhoibriú le daoine eile agus sa tslí sin a c(h)ion a dhéanamh ar mhaithe leis an tsochaí. Táimid ag iarraidh timpeallacht shábháilte foghlamtha a chothú do ghasúir na scoile ionas go mbeidh siad in ann a gcumas iomláin féin a shroichint.

Mar gheall ar seo ní ghlacfar le hiompar nach bhfuil ag dul leis an bhfealsúnacht atá luaite agus a chuireann isteach ar oideachais agus shábháilteacht daoine eile.

- ***It is important to us in our school community that our interdenominational and moral values are reflected in the Code of Behaviour.***

- ***Our school mission is to provide an excellent standard of education through the medium of Irish, steeped in an ethos that promotes Christian values and Irish heritage.***

The aim of Primary School Education is to enable the child to live as full a life as possible, and to prepare him/her for further education and lifelong learning so that the child will be able to function well socially through living and working with others, and in that way, be a contributing member of society. We are trying to develop a safe learning environment for the children in the school so that each can fulfill their own potential.

As a result of this, behaviour that does not fit in with the above philosophy and that interferes with the education and safety of others will not be accepted.

Prionsabail *Principles*

- Aithníonn an scoil go bhfuil a lán difríochtaí idir leanaí agus go bhfuil sé tábhachtach na difríochtaí seo a aithint.
- Aontaítear go bhfuil tuiscint láidir pobail sa scoil, agus leibhéal ard comhoibriú fóirne, idir an fhoireann, tuismitheoirí agus daltaí, an-tábhachtach chun ard-chaighdeáin iompair a chothú.
- Déanfar gach iarracht an Cód Iompair a chur i bhfeidhm i slí atá réasúnta, cóir agus seasmhach.

- ***The school recognizes the variety of differences that exist between children and the need to recognize these differences.***
- ***It is agreed that a high standard of behaviour requires a strong sense of community within the school and a high level of co-operation among staff, parents and pupils.***
- ***Every effort will be made to ensure that the Code of Behaviour is implemented in a reasonable, fair and consistent manner.***

Aidhmeanna *Aims*

- Cinntiú go gcuirtear timpeallacht oideachasúil ar fáil atá treoraithe ag ár ráiteas físe.
- Cur ar chumas na scoile feidhmiú ar bhealach ordúil ionas gur féidir le leanaí dul chun cinn a dhéanamh i ngach gné dá bhforbartha.
- Atmaisféar a chruthú ina bhfuil meas agus tuiscint ar a chéile agus ina nglactar le daoine.
- Iompar dearfach agus féinsmacht a chothú, ag tabhairt airde ar na difríochtaí idir páistí agus an gá le freastal ar na difríochtaí sin.
- Sábháilteacht agus dea-bhraistint gach ball den phobal scoile a chinntiú.

- Cabhrú le tuismitheoirí agus daltaí tuiscint a fháil ar na córais agus na nósanna imeachta atá mar chuid den chód iompair agus a gcomhoibriú a lorg
  agus na nósanna imeachta sin á gcur i bhfeidhm.

- Cinntiú go gcuirtear an córas rialacha, duaiseanna agus smachtbhannaí i bhfeidhm ar bhealach cothrom agus comhleanúnach ar fud na scoile

- ***To ensure that there is an educational environment in line with our Vision Statement.***

- ***To enable the school to function in an orderly manner so that the children can progress in all areas of their development.***
- ***To create an atmosphere of respect and understanding for each other where all are accepted.***
- ***To promote positive behaviour and self control, while recognising the differences between children and the need to attend to these differences***
- ***To ensure the physical and emotional safety of every member of the school community***
- ***To assist parents and pupils understand the system and procedures of the Code of Behaviour and to look for their co-operation in applying these procedures.***
- ***To ensure that the systems of rules, rewards and sanctions are applied in a fair and constant manner throughout the school.***

Ábhar an Pholasaí: *Subject-Matter of the Policy*

Tá an polasaí eagraithe faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. Treoirlínte faoi iompar sa scoil
- Rialacha ginearálta scoile
- Seomraí ranga

2. Cur chuige na scoile uile maidir le hiompar dearfach a chur chun cinn.
- An Fhoireann
- An Bord Bainistíochta
- Tuismitheoirí
- Daltaí

3. Straitéisí dearfacha chun iompar a bhainistiú.
- An Seomra Ranga
- An Clós Súgartha
- Laethanta fliuch
- Gníomhaíochtaí atá bainteach leis an scoil.

4. Córais Luach Saothair agus Ceartiúcháin / Smachtbhannaí

- Córas Luach Saothair
- Córas Ceartiúcháin
- An Ghaeilge
- Ról Tuismitheoirí

5. Cúrsaí Gearáin

- Modh Gearáin
- Fionraí
- Díbirt

- Achomhairc

6. Cúrsaí Tinreamh agus Poncúlacht

7. Cód Gléasadh na Scoile

The Policy is organised under the following headings:

1. ***Guidelines for behaviour in the school.***
    - ***General school behaviour***
    - ***Classroom etiquette***

2 .Whole school approach to developing positive behaviour.

- ***The Staff***
- ***The Board of Management***
- ***Parents***
- ***Pupils***

3. ***Positive strategies for managing behaviour.***
    - ***The classroom***
    - ***The playground***
    - ***Wet days***
    - ***Activities that are school related.***

4. ***Rewards and Sanctions***

- ***The reward system***
- ***The correction / sanction system***
- ***Gaeilge***
- ***Parents' role in system***

5. ***Complaints***

- ***Complaints procedure***
- ***Suspension***
- ***Expulsion***
- ***Appeals***

6. ***Attendance and Punctuality***

7. ***School Dress Code***